

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

**Ba chóir an páipéar seo a thabhairt amach d'íarrthóirí ar an 7 Bealtaine, 1999****EALAÍN****CUMADÓIREACHT SHAMHLAÍOCH NÓ ÁBHAR NEAMHBHEO - ARDLEIBHÉAL**

DÉ hAOINE, 14 BEALTAINE - 9.30 - 12.00

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann chuici ar an bpáipéar límfochta. Scríobh teideal an pháipéar - "Ábhar Neamhbheo" nó "Cumadóireacht Shamhlaíoch" - ar an mbileog límfochta díreach thíos faoi d'Uimhir Scrúdaithe. Ceadaítear duit, más mian leat, obair a dhéanamh ar a mhalaírt thaoibh den leathanach. Ceadaítear duit úsiad a bhaint as rianpháipéar, as páipéis dhaite, as ábhair uigeachta nó as ábhair eile is gá de ghnáth leis an gceist a fhreagairt. Ní mór d'íarrthóirí a roghnaíonn Ábhar Neamhbheo rudaí cuí is rogha leo féin a bhreith leo isteach agus a ngrúpaí féin a shocrú in am do thús a scrúdaithe.

---

**SLIOCHT TUAIRISCIÚIL**  
**INA BHFUL POINTÍ TOSAITHE**

**NÍOR MÓR AN POINTE TOSAITHE A LUA AR CHÚL AN LEATHANAIGH**

Nuir a bhíonn na scrúdaithe ollscoile thart glacann na micléinn postanna Samhraidh. Chuaigh roinnt acu ag taisteal thar lear agus fuair roinnt eile postanna go logánta. Ina measc siúd tá Alan, Sally agus Eoin.

Tá postanna faigte ag Sally agus Eoin i gCaisleán Bhaile na Clúide Móire, atá ar oscailt don phobal ar feadh na bliana, agus atá ar fáil mar lóistín sa Samhradh. Tá sé suite ar chnoc íseal os cionn locha bhig. Cé go bhfuil sé ina mheascán de stíleanna ailtireachta, rud a chuireann go mór lena chuma, is leis an stil Athbheochann Gotach is mó a luionn sé go radharcach. Ní inniu nó inné a chuireadh túiríni, spuaiceanna agus túir sa mhullach ar an mbosca simplí Seoirsigh a bhíodh ann. Ar nós beacha i ndiaidh pota mealá tagann na cuairteoirí chuig an áit phictiúrtha seo, cuid acu le suim sa mhaisiú seanré atá déanta ar na seomraí, cuid eile de dúil sa bhia íontach atá ar fáil sa bhialann, agus cuid eile fós mar gheall ar áileacht na bpáirceanna, na ngáirdíní agus na siúlóidí foraoise. Ag barr anascaill fhada casann tú cúnne agus feictear an caisleán romhat amach i measc na gcrann go díreach mar a d'fheicfeá i bpictiúr i leabhar do pháistí, é. Is minic a shíleann Sally go bhfuil sé foirfe amach is amach: tá spásúlacht agus grástúlacht na seansoise aige mar aon le compord na nua-aoise.

Níl oscailte do chuairteoirí ach na seomraí móra foirmiúla. Tá árasán phríomháideach na n-úinéiri maisithe i stil shimplí, nua-aoiseach, atá i bhfad níos oiriúnaí do shaol chlainne ná seomraí olimhóra líonta le rudaí ársa, luachmhara. Tá na ballaí 'sna seomraí poiblí clúdaithe le portráidí clainne - stánann réicí, piúratánaigh, saoithe agus amadáin anuas óna bhfrámaí óraithe. Sa chuid phríomháideach den chaisleán tá péintéireachtaí teibí agus cinn neamhnádúraíoch atá bunaithe ar fhoirgnimh agus ar an bhfíor daonna.

Um Nollaig bíonn túr an choig maisithe le bleibíní solais daite, rud a chuireann cuma níos aislingí fós ar an gcaisleán. Ó dhorchacht na foraoise i ngar is i gcóngar bíonn radharc ar dhathanna seodracha na soilse seo i bhfad i gcéin, agus tugann sé féilte, cóisirí, ceol agus rince, nó ceolchoirm chláirsí sa seomra suite atá maisithe ar an stíl Síneach, chun cuimhne. Bíonn taibhse ag foluaineach um mheán oíche sa Halla Mór.

Bíonn gnóthaí éagsúla le déanamh ag Sally agus Eoin agus is minic iad ag obair i dteannta a chéile. Bíonn Sally gafa le turais treoraithe cuid mhór den am. Bíonn siad gnóthach sa gháirdín freisin. Is dian mar obair é smacht a choimeád ar fhásra uaibhreach an tSamhraidh tais in Éirinn. Niorbh leor iomlán an lae, gach lá, leis na bláth cheapacha ollmhóra foirméálta a choimeád glan ó fhiallaí, nó na fálta gearrtha a choimeád go néata i gcruth. Tá Eoin inniu ar dhréimire ard, ag gearradh fál labhras atá le hais cosán gairbhéil a théann i dtreo an locha. Toisc nach raibh an oireadh cuairteoirí inniu ann is a bhíonn de ghnáth i mí an Mheithimh, chaith Sally agus Eoin uair nó dhó ag streachailt fíallai den gcosán seo. Níos déanaí tráthnóna rácáil siad dromchla mín réidh ar an ngairbhéal. Chuireadar gairbhéal breise áit a raibh an dromchla ídithe ag síor thrasnú na gcos agus locháin airgid ann de bharr lá báistí.

Faoi mar a bheadh siad ag gardáil an slí isteach, tá dhá sfionc cloiche, timpeallaithe le h-eighneán, thusa ag airde gualainne ar na cuailí geata. Tá a bharra rotha atá lán de ghearrthóga fáil, fágtha ag Eoin faoi cheann de na dealbha, agus motháonn sé sách beag in aice leis na créatúraí niamhracha seo, fantaisíocht ón saol ársa. Brúann sé an geata ar oscailt roimhe, a bharra rotha á bhrú os a chomhair aige agus isteach leis an ghairdín faoi bhallaí. Cruthaionnascaill fhada de chrainn arda iúir patrún de scáth dlúth agus solas geal na gréine ar anascaill. Tá úllord ar thaobh na láimhe clé agus glasraí i sraitheanna néata, iad ciumhaisithe le mionfhálta bosca, ar thaobh na láimhe deise. Tá bláthanna ann chomh maith, na cinn arda tacaithe go néata agus na cinn bheaga ag glioscarnaigh taréis a uisciú. Caitheann sé na duilleoga amach ar an gcarn múirín ollmhór taobh thiar de na tithe gloine.

Téann sé leis ansin go dtí bothán na n-uirliú lena bhearrthóir fáil a chrochadh. Tá péintéireacht neamh-bheo de photaí bláth ar crochadh sa chúinne. Tá cuid acu an-mhór agus cuid eile bídeach. Ta cuid acu stacálte, cuid eile ina luí ar a dtaobha. Tá idir ord agus mí-eagar le feiceáil sa tstíl ina bhfuiil na potaí plaisteacha agus na potaí cré bhruite eagraithe. Tá ceann amháin ornáideach i measc na gcinn loma agus feidhmiúil, cuid acu atá scoilete agus ceann amháin atá briste ina smidiríní. Cruthaionn solas geal na gréine atá ag tuille isteach sa bhothán codarsnacht ard idir éadrom agus dochá, ar a bhfuiil gar do na fuinneoga.

Faoi mar a cheapann Sally go bhfuiil an caisleán fairfe, gan locht, tá Eoin den tuairim go bhfuiil an uile ghnéith le fáil sa gháirdín. Ní álainn amháin ata sé ach torthúil, táirgiúil freisin - féach ar na sútha tálún, an mearóg ollmhór, na mealbhacháin, cúlarain agus trátaí. Tá cuid den gháirdín ceannsaithe agus aothraithe ag an duine, agus tá cuid eile, ar nós an t-siúlóid foraoise, fágtha mar a bhí. Tá sean-thithe gloine mar chosaínt fós ag na finiúna, cé go bhfuiil siad ag titim as a chéile, agus táirgeann a ngéaga tiubha casta fionchaora gach bliain. Bíonn scardán uisce ag sileadh leis gan stad, brúcht ollmhór uisce bán ag stealladh amach as béal cloiche deilbh Uiscedhia, a bhfuiil cuma ghrána, chrosta air. Cruthaionn olibilisceanna agus dealbha peirspictiocht ar leith sa gháirdín foirmiúil. Ag bun an gháirdín stiúrann geata crannaíola déanta as craobhacha chasta tú ag an siúlóid foraoise. Nuair a shiúlann tú ansin téann do reathóirí nó do chuid buataisí i mbá sa chaonach tais. Síneann méiríní púca trombhláthacha bána agus bándearga i dtreo solas na gréine, a bhreacann úrlár na foraoise le stríocaí órga agus glasa. Is minic a feictear piásún nó sionnach, anseo, déanach sa tráthnóna. Tá londubh ag canadhanois, é thusa go hard i gcrann dair ollmhór: stopann sé go tobann, eitlíonn sé faoi chraobh cham, agus imíonn sé ó radharc. Scairteann gathanna solais dorchadas na foraoise fothainiúil, ag soilsíú raithneach, driseacha agus scrobarnach coille atá ag fás ar úrlár na foraoise.

Idir an dá linn, tá grúpa cuairteoirí tugtha thart ar an gcaisleán ag Sally. Thaispeán sí na rudaí breátha agus neamhchoitianta dóibh. S'iad na péintéireachtaí, na beanna crochta ar an bpainéaladh adhmaid agus an bord ollmhór lena bharr marmair féitheach, sa Halla Mór is mó a mhuscail spéis na gcuairteoirí, iad ag glacadh grianghrafnna de ghnáth ag dul thart dóibh. Ar an mbord seo, tá cóiriú de bharr-rogha bláthanna an tSamhraidh-rósanna, nóniní, pis chuimhra, lillí, piainí, measctha le raithneach agus duilliúr cilc. Tá ceithre thrófaí spoirt ar a laghad, de thoisí éagsúla ar bhord eile. Lonraíonn miotal mín na trófaí sár-shnasta is solas na gréine atá ag tuilleadh isteach tríd na fuinneoga arda Ghotacha. Sa chistín ollmhór i mbun an tí feictear potaí copair crochta ar bhallaí aoldaite, sean soirn iarainn dubh, agus doirtil domhain cearnógacha. Nil na rudaí pictiúrtha seo praiticiúil sa lá atá inniu ann agus tugann na cuairteoirí faoi deara go bhfuil cistín nua-aimseartha, le sorn miocra-thonnach agus inneall próiseála bia san áit ina mbíodh seomra bia na searbhóntí tráth. Tá dhá nó trí cinn de phlátaí éagsúla, muga striocach, crúiscín caoindéanta agus roinnt sceanra ar an raca silte atá ar an gclár silte, taobh leis an doirtreal cruach dhomheirgthe. Cuireann buidéal lacht níocháin agus meascán de scuabann sciúrtha crioch leis an bpictiúr neamhbheo seo, íomhá choitianta sa ghnáth shaol.

Tá obair faigte ag Alan ar an bhfeirm, rud a thaitníonn go mór leis, d'ainneoin go mbíonn air tosú go moch ar maidin. Cuidíonn sé le Peadar, an feirmeoir, an tréad ollmhór bó a chrú. Go gairid taréis a sé a chlog ar maidin agus an uile ní ina thost seachas cór na n-éan, tugann Peadar aghaidh ar bhothán chrúite na mbó, mar a ndéantar na ba a chrú le h-inneall crúite. Tá na hainmhithe bána agus dubha seo ag siúl i líne fhada faoi na crainn beithe, i dtreo na bhfoirgintí. Go mall agus gan deifir, tugann siad aghaidh ar na stallai, agus ceanglaitear na h-innill dá gcuid úthanna lána. Ní fada go mbíonn an bhainne ag gluaiseacht feedh an tiúbanna agus isteach 'sna h-árthaigh bainne. Tá an t-sláinteachas sár-thábhachtach agus dá bhrí sin caitheann Alan an t-uafás ama ag glanadh agus ag scuabadh. Taréis an obair dhian sin ar fad, bionn sé in am bricfeasta. Bionn bricfeasta aige leis an gclann, sa chistín. Tareis dóibh sú agus arbhar bricfeasta a bheith acu bíonn tae, tósta agus friochadh acu. Tá an bord lán le gloiní, greithre agus sceanra.

Tá an leanbh, Tony, ina shuí ina chathaoir ard. Tá a chuid buidéil, didí, miasanna beaga agus spunóga ar an mbord oibre. Uillmhaíonn, Margaret, a mháthair, bia an linbh. Nuair atá a bhricfeasta féin críochnaite ag Peadar, beathaíonn sé an leanbh. Tá cuma an-bheag ar spunóg an línbh i lámh mhór Pheadair.

Ní fada go dtosaíonn Margaret ar an lón a ullmhú. Tá sicín cócaireáilte ina shuí ar phláta. Taobh leis tá roinnt oiniúin, muileann piobair, scríobán, arán agus bruscar aráin. Tá liomóid, gearrtha i leath, ar sásar. Tá canna oscailte de shairdíní agus babhla oráistí agus bananaí ar an mbord. Tá dhá fhlaigín teirmeach agus bosca lón ar an reoiteoir. Tá vásá mhaiseach, gheal daite, ghloine (nó poicealláin) inar chuir Margaret craobhóg amháin de dhuilleoga úra, ar leac na fuinneoge. Léiriú éifeachtach is ea an cóiriú simplí seo ar an gcodarsnacht idir an rud nádúrtha agus rud déanta ag an duine.

## **GAN ACH CEIST AMHÁIN A FHREAGAIRT**

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht thuas.

1. Tarraing nó péinteáil pictiúr atá in aigne agat tar éis duit an sliocht tuairisciúil a léamh.  
**nó**
2. Tarraing nó péinteáil grúpa neamhbheo de rudaí atá luaite sa sliocht tuairisciúil nó rudaí a chuireann an sliocht tuairisciúil id' aigne.  
**nó**
3. Déan ceapadóireacht theibí a bheadh bunaithe ar an sliocht tuairisciúil.